



## Samhail Rochtana agus Chuimsithe (AIM) Cúnamh Breise Leibhéal 7 sa Seomra Réamhscoile Faisnéis d'Iarratasóirí

<b>Cúnamh Breise</b>	<p>Féadfaidh soláthraí seirbhíse, i gcomhar le tuismitheoir, iarratas a dhéanamh ar chaipitíocht sa chás go measann an soláthraí gur dóchuil go mbainfidh ríthábhacht le caipitíocht chun rannpháirtíocht an linbh i gclár COLÓ a chinntiú ina suíomh réamhscoile.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní hionann AIM Leibhéal 7 agus samhail Chúnamh Riachtanas Speisialta (CRS).</li> <li>• Níl aon spriocdháta chun iarratais a fháil. Clár rollach a bheidh in AIM.</li> <li>• Tá súil leis nach dteastóidh an leibhéal is airde de thacaíochtaí ar AIM Leibhéal 7 ach ó idir 1% agus 1.5% de leanaí atá in aois réamhscoile a fhreastalaíonn ar sheirbhísí COLÓ.</li> </ul> <p><b><i>An Sainmhíniú ar Ríthábhachtach maidir le Rannpháirtíocht</i></b></p> <p>Meastar go bhfuil seirbhísí ríthábhachtach maidir le rannpháirtíocht i gclár COLÓ sa chás go gcomhaontaítear go réasúnta nach bhfuil an leanbh, in éagmais na seirbhísí siúd agus seirbhísí agus tacaíochtaí eile reatha nó iad siúd atá ar fáil á gcur san áireamh, in ann an méid a leanas a dhéanamh:</p> <ol style="list-style-type: none"> <li>i. rochtain a fháil ar shuíomh na réamhscoile,</li> <li>ii. tús a chur le clár COLÓ,</li> <li>iii. leanúint le bheith rannpháirteach i gclár COLÓ, nó</li> <li>iv. Rannpháirtíocht bhríoch a bheith aige/aici sna gníomhaíochtaí a sholáthraítear mar chuid de chlár COLÓ</li> </ol> <p>Comhaontaítear, anuas air sin, go gcabhróidh soláthar tacaíochtaí AIM lena chinntiú gur féidir leis an leanbh rochtain a fháil ar chlár COLÓ agus rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu ann.</p> <p>Chun rannpháirtíocht bhríoch a bheith ag leanbh, ba cheart go gcumasófaí leanaí atá faoi mhíchumas chun a lánchumas a bhaint amach i dtaobh eispéireas a bheith acu ar scileanna agus ar dheiseanna nua, agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíocht shóisialta go gníomhach lena bpiarghrúpa.</p>
<b>Riachtanais Íosta Incháilitheachta</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Suíomh cláraithe réamhscoile atá sa Soláthraí Seirbhíse faoi chonradh gníomhach de chuid an RLGÓ chun clár COLÓ a sholáthar</li> <li>• Cáilítear an leanbh do chlár COLÓ 2016 nó cáileofar é/í don chlár ó dháta pleanáilte an chlárúcháin (rugadh é/í idir an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Márta 2014).</li> <li>• Ní mór go bhfuil an leanbh i seomra COLÓ atá rannpháirteach i gClár COLÓ</li> <li>• Ní mór Toiliú Feasach Tuismitheora/Caomhnóra/Cúramóra a fháil</li> <li>• Deimhniú gur léigh iarratasóirí an Ráiteas Príobháideachais agus na Treoirínte maidir le</li> </ul>

	<p>hlarratas</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Bheith comhlíontach i dtaobh cánach de agus Deimhniú Imréitigh Cánach nó Uimhir Rochtana Imréitigh Cánach (URIC) agus Uimhir Chláraithe Cánach (UCC) atá cothrom le dáta a bheith agat</li> </ul>						
<p><b>Conas Iarratas a Dhéanamh</b></p>	<p><b>Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 ar an PIP a chomhlánú</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Comhlánaíonn an soláthraí seirbhíse Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 ar líne ar an PIP i gcomhar leis an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir.</li> <li>Laistigh d’fhoirm na Próifíle Rochtana agus Cuimsithe, Iarraidh ar Sheirbhís Leibhéal 7 a chomhlánú, faoi mar a thaispeántar sa ghabháil scáileáin thíos.</li> <li>Is féidir faisnéis bhreise nó tacaíochta a cheangal sa chás go bhfuil fáil uirthi ach ní riachtanas é seo ag céim an iarratais.</li> </ul> <div data-bbox="352 707 1433 913" style="border: 1px solid #ccc; padding: 5px;"> <p><b>Service Requests</b></p> <table border="1" style="width: 100%; border-collapse: collapse;"> <thead> <tr> <th style="width: 25%;">Reason</th> <th style="width: 50%;">Comment</th> <th style="width: 25%;">Attachment</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Level 7</td> <td>We would like to be considered for Level 7 additional assistance in the pre-school room</td> <td><a href="#">Click here to attach a file</a></td> </tr> </tbody> </table> <p><input type="button" value="Remove Request"/></p> <p><input checked="" type="checkbox"/> Add Registration Request</p> </div> <p><b>Idirchaidreamh le Speisialtóir Luathbhlianta</b></p> <p>Sa chás go bhfuil Speisialtóir Luathbhlianta ag oibriú le seirbhís agus le tuismitheoir/leanbh cheana féin, féadfaidh siad an gá a shainaitheint tríd an idirchaidreamh seo, atá le tacaíocht bhreise Leibhéal 7.</p> <p>Bheadh Próifíl Rochtana agus Chuimsithe Leibhéal 4 comhlánaithe ag an tuismitheoir/caomhnóir/cúramóir cheana féin le bainisteoir na réamhscoile chun rochtain a fháil ar an tacaíocht seo.</p> <p>Faoi na cúinsí siúd, is féidir an moladh le haghaidh Leibhéal 7 a sheoladh ar aghaidh go díreach ag an SLB chuig Foireann AIM Pobal.</p>	Reason	Comment	Attachment	Level 7	We would like to be considered for Level 7 additional assistance in the pre-school room	<a href="#">Click here to attach a file</a>
Reason	Comment	Attachment					
Level 7	We would like to be considered for Level 7 additional assistance in the pre-school room	<a href="#">Click here to attach a file</a>					
<p><b>Measúnú</b></p>	<p><b>Cuairt an Speisialtóira Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú):</b></p> <p>Teastaíonn ó gach iarratas go dtugann seirbhís Speisialtóir Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) cuairt ar shuíomh na réamhscoile d’fhonn a shainaitheint cé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn tacaíocht Leibhéal 7.</p> <p>Déanfaidh Speisialtóirí Luathbhlianta (Rochtain agus Cuimsiú) breithniú ar an méid a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>An Phróifíl chomhlánaithe Rochtana agus Chuimsithe;</li> <li>Cé acu an ndearnadh nó nach ndearnadh breithniú ar gach leibhéal agus tacaíocht eile (Leibhéal 1-6) agus ar baineadh nó nár baineadh an úsáid chuí astu;</li> <li>Cé acu an mbaineann nó nach mbaineann rithábhacht le cúnamh breise maidir le rannpháirtíocht bhríoch an linbh i gclár COLÓ;</li> <li>Cé acu an eascródh nó nach n-eascródh cothromaíocht neamh-inmhianaithe idir an fhoireann agus leanaí as caipitíocht bhreise a sholáthar, faoi mar a thugtar le fios in aon treoirlínte maidir le Seirbhís Náisiúnta um Fhorbairt Cáilíochta Luathbhlianta;</li> <li>Ionchur eile saineolach ó Idirghabháil Theiripeach FSS Leibhéal 6, an CNOS agus</li> </ul>						

	<p>Coistí Cúram Leanaí Cathrach/Contae, faoi mar is gá.</p> <p>Beidh aird ag an méid tacaíochta de chuid Leibhéal 7 a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil riachtanais chasta nó an-chasta ag an leanbh, i gcomhthéacs na timpeallachta.</p> <p>Cuireann an Speisialtóir Luathbhlianta moladh faoi bhráid fhoireann AIM Pobal agus déanann siad cinneadh deiridh ar an gcistiú atá le bronnadh.</p>	
	<b>Riachtanais Chasta</b>	<b>Riachtanais An-Chasta</b>
	<p>Féadfaidh suíomh thart ar <b>10 n-uair an chloig bhreise foirne</b> a chur lena soláthar foirne sa tseachtain.</p> <p><b>Tugtar an cúnamh breise seo</b>, mar shampla, d'fhonn gur féidir leis an gcomhordaitheoir Cuimsithe nó príomhoibrí níos mó ama a chaitheamh ag oibriú go díreach leis an leanbh nó níos mó am neamhtheagmhála a bheith acu leis na gairmithe ábhartha sláinte agus cúraim shóisialta atá bainteach i gcás an linbh.</p>	<p>Féadfaidh suíomh thart ar <b>15 huair an chloig bhreise foirne sa tseachtain</b> a chur lena soláthar foirne agus an cóimheas foirne:leanaí a laghdú d'fhad iomlán sheirbhís sheachtainiúil COLÓ dá bharr.</p> <p>Cinntíonn seo go bhfuil tacaíocht bhreise ar fáil go comhsheasmhach sa chás go bhfuil seo ríthábhachtach i ngeall ar, mar shampla, monatóireacht a dhéanamh ar riocht sláinte nó an gá atá le tacaíocht dhian duine ar dhuine.</p>
<b>Méideanna Caipitíochta</b>	€130 sa tseachtain in aghaidh an linbh (uasmhéid)	€195 sa tseachtain in aghaidh an linbh (uasmhéid)
<b>Íocaíocht</b>	Déantar Liúntas Speisialta i gcoinne chonradh na soláthraithe seirbhíse leis an RLGÓ a ailíneofar le sceideal íocaíochta COLÓ.	Déantar Liúntas Speisialta i gcoinne chonradh na soláthraithe seirbhíse leis an RLGÓ a ailíneofar le sceideal íocaíochta COLÓ.

## Réamhiarratas

- Gabh trí threoirlínte na Próifíle Rochtana agus Cuimsithe
- Toiliú tuismitheora chun iarratas agus próifíl a sheoladh ar aghaidh tríd an PIP

## Iarratas

- Logáil isteach sa PIP (beidh foirmeacha próifíle ar fáil ón 17 Meitheamh ar aghaidh, ní bheidh spriocdháta i gceist)
- Comhlánaigh an fhoirm ar líne i gcomhar leis an tuismitheoir agus ceangail faisnéis/tuarascálacha tacaíochta etc más mian leat (ní riachtanas seo chun iarratas a dhéanamh)

## Breithmheas

- Seolfar ríomhphoist aitheanta chugat a luaithe a shanntar d'iarratas ar Leibhéal 7 d'fhoireann AIM Pobal agus do Speisialtóir Luathbhlianta

## Cuairt

- Déanfaidh an Speisialtóir Luathbhlianta teagmháil i dtosach leat ar an nguthán agus déanfaidh sé/sí socrú leat chun cuairt a thabhairt ar shuíomh na réamhscoile agus ar an leanbh.
- Déanfaidh an SLB idirchaidreamh le hIdirghabháil Theiripeach FSS Leibhéal 6, an CNOS agus le CCCanna, más gá.

## Moladh agus Cinneadh

- Cuirfidh a Speisialtóir Luathbhlianta a moladh faoi bhráid fhoireann AIM Pobal go ndéanfar cinneadh deiridh air
- Déanfaidh Foireann AIM Pobal teagmháil leat le cinneadh

## Athbhreithniú

- Mura bhfaomhtar thú le haghaidh cistiú, féadfaidh tú aiseolas nó athbhreithniú ar an gcinneadh a lorg

## Íocaíochtaí agus Conrú

- Íocfar íocaíochtaí faofa i leith do chonartha reatha leis an RLGÓ ar aon dul le sceideal íocaíochta COLÓ.